CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/234 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Feabhra 2023

lena ndeonaítear maolú arna iarraidh ag Ballstáit áirithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leas a bhaint as bealaí eile cé is moite de theicnící próiseála sonraí leictreonacha le faisnéis a mhalartú agus a stóráil le haghaidh an Fhógra Tíolactha a bhaineann le hearraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 662)

(Is iad na téacsanna Béarla, Cróitise, Danmhairgise, Eastóinise, Fraincise, Gearmáinise, Gréigise, Máltaise, Ollainnise, Polainnise, Portaingéilise, Rómáinise, Seicise, Slóivéinise, Slóvaicise, Spáinnise, Sualainnise, agus Ungáirise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(4) i gcomhar le hAirteagal 8(2) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um an gCód Custaim,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, ceanglaítear gur trí úsáid a bhaint as teicnící leictreonacha próiseála sonraí a dhéanfar na malartuithe go léir ar fhaisnéis idir údaráis chustaim agus idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis chustaim, agus an stóráil a éilítear i dtaca le faisnéis den sórt sin faoin reachtaíocht chustaim. Chun na críche sin agus i gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, dréachtaíonn an Coimisiún comhcheanglais maidir le sonraí.

(2) Foráiltear in Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 go bhféadfaidh an Coimisiún cinntí a ghlacadh i gcásanna eisceachtúla lena gceadaítear do Bhallstát amháin nó do roinnt Ballstát maolú ó theicnící próiseála sonraí leictreonacha a úsáid chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil, má tá bonn cirt leis an maolú sin de bharr chás sonrach an Bhallstáit iarrthaigh agus má dheonaítear é ar feadh tréimhse shonrach ama.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ón gCoimisiún ([2]) bunaítear an clár oibre maidir leis na córais leictreonacha dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais a fhorbairt agus a imscaradh ('an clár oibre'). Liostaítear sa chlár oibre na córais leictreonacha atá le forbairt agus na dátaí óna meastar go mbeidh na córais sin oibríochtúil. Chomh maith le nithe eile, sonraítear sa chlár sin na dátaí maidir le cur chun feidhme agus imscaradh an Fhógra Tíolactha i gcomhréir le hAirteagal 6(1), Airteagail 16 agus 139 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

(4) Thairis sin, le hAirteagal 278(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, sonraítear an sprioc-am a bhféadfar, go dtí é, leas a bhaint, ar bhonn idirthréimhseach, as bealaí eile cé is moite de na teicnící próiseála sonraí leictreonacha chun na forálacha a bhaineann leis an bhfógra tíolactha maidir le hearraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais a chur chun feidhme.

(5) Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le córas na bhfógraí tíolactha maidir le maoirseacht ar earraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais, d'fhorbair roinnt Ballstát córais leictreonacha cheana chun na fógraí sin a bhainistiú, mar shampla trí chórais chomhphobail chalafoirt. Is gá coigeartuithe a dhéanamh ar chórais den sórt sin de bhun fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus na ngníomhartha gaolmhara ón gCoimisiún, go háirithe i ndáil leis na comhcheanglais maidir le sonraí. De bhun Airteagal 278(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, tá na coigeartuithe sin le cur i gcrích faoin 31 Nollaig 2022.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2019 lena mbunaítear an clár oibre maidir leis na córais leictreonacha dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais a fhorbairt agus a imscaradh (IO L 325, 16.12.2019, lch. 168).

(6) Tháinig trí chúinse mhóra gan choinne chun cinn, áfach, cúinsí a raibh tionchar nach beag acu ar acmhainní na n-údarás custaim agus a bhfuil dúshláin chomhlántacha ag baint leo a mhéid a bhaineann leis na n-acmhainní sin: chuir paindéim COVID-19 moill shubstaintiúil ar fhorbairtí TF san Ostair, sa Bheilg, sa Fhrainc, sa Ghréig, i Málta, san Ísiltír, sa Pholainn, sa Rómáin, sa tSeicia, sa tSlóvaic agus sa Spáinn. I ngeall ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus ar an méadú a tháinig ar líon na ndearbhuithe custaim mar thoradh air sin, bhí ar an mBeilg, an Fhrainc, an Ísiltír agus an Spáinn acmhainní agus tosaíochtaí a athrú. De dheasca iarmhairtí airgeadais ionradh na Rúise ar an Úcráin ar ghníomhaíochtaí custaim na dtíortha comharsanachta nó na dtíortha sa chóngar geografach, ghéaraigh ar an staid agus bhí gá le hacmhainní breise san Ostair agus sa Pholainn. Go háirithe, deacrachtaí soláthair agus tairisceana, chomh maith le saincheisteanna buiséadacha agus foirne, a d'eascair as na cúinsí thuasluaite, bhí tionchar nach beag acu sin ar chumas na mBallstát na spriocdhátaí a chomhlíonadh, mar a luaigh an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhrainc, an Ghréig, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir.

(7) De dheasca na himthosca sin, bhí moilleanna móra ar na forbairtí leanúnacha TF, rud a chuir cosc ar Bhallstáit áirithe imscaradh modhanna TF a chur i gcrích le haghaidh phróiseáil an Fhógra Tíolactha faoin 31 Nollaig 2022. Dá bhrí sin, an 21 Aibreán 2022 i gcás na hOstaire, an 3 Bealtaine 2022 i gcás na Cipire, an 6 Bealtaine 2022 i gcás na Spáinne, an 23 Bealtaine 2022 i gcás na Slóivéine, an 3 Meitheamh 2022 i gcás na Gréige, an 7 Meitheamh 2022 i gcás na Fraince, an 7 Meitheamh 2022 i gcás na Portaingéile, an 24 Meitheamh 2022 i gcás na Beilge, an 24 Meitheamh 2022 i gcás na Sualainne, an 29 Meitheamh 2022 i gcás na Danmhairge, an 4 Iúil 2022 i gcás na Slóvaice, an 4 Iúil 2022 i gcás na hÍsiltíre, an 6 Iúil 2022 i gcás na hEastóine, an 7 Iúil 2022 I gcás na Polainne, an 13 Iúil 2022 i gcás Mhálta, an 19 Iúil 2022 i gcás na Cróite, an 22 Iúil 2022 i gcás na hUngáire, an 22 Iúil 2022 i gcás Lucsamburg, an 10 Deireadh Fómhair 2022 i gcás na Seicia agus an 17 Deireadh Fómhair 2022 i gcás na Rómáine, d'iarr na Ballstáit sin leas a bhaint as bealaí le faisnéis a mhalartú agus a stóráil cé is moite de na teicnící próiseála sonraí leictreonacha i gcomhréir le hAirteagal 6(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

(8) Is iomchuí, da bhrí sin, cead a thabhairt do na Ballstáit leanúint de na nósanna imeachta atá acu cheana a úsáid, lena n-áirítear na córais TF ábhartha i gcomhréir leis na ceanglais maidir le sonraí a leagann na Ballstáit amach dá bhforáiltear in Airteagal 2(4), an dara fomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ([3]) ar feadh tréimhse theoranta.

(9) Tá an Bheilg, an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhrainc, an Ghréig, an Ísiltír, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir le fógra a thabhairt don Choimisiún faoin dul chun cinn arna dhéanamh ar fhorbairt na gcóras leictreonach le haghaidh fógra tíolactha mar chuid den phróiseas tuairiscithe ar dhul chun cinn a leagtar amach in Airteagal 278a de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Tá cumarsáid agus comhroinnt na faisnéise pleanála náisiúnta mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 le háirithiú.

(10) Chun an cás a chosc ina gcuirfí an dearbhú iontrála achomair ó bhailíocht i gcomhréir le hAirteagal 129(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 laistigh de 200 lá ón am a taisceadh é, fiú más rud é gur tíolacadh na hearraí a chumhdaítear leis an dearbhú iontrála achomair sin do lucht custaim i mBallstát a thairbhíonn den mhaolú, ba cheart don Bhallstát sin na sonraí atá ag teastáil le haghaidh an fhógra tíolactha a stóráil ina chuid taifead agus iad a sheoladh chun an chórais leictreonaigh dá dtagraítear in Airteagal 182 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ([4]) (ICS2) laistigh den sprioc-am sin.

(11) Ag féachaint do thionchair na n-imthosca eisceachtúla a bhí ina gcúis le moilleanna ar na forbairtí leanúnacha TF maidir leis na fógraí tíolactha a phróiseáil sna Ballstáit, staid reatha na bhforbairtí sin sna Ballstáit agus an gá atá le moilleanna móra eile a sheachaint, ba cheart an maolú a bheith ann go dtí tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2023 i ndáil le hearraí a thagann isteach i gcríoch chustaim an Aontais d'aer, agus go dtí tráth nach déanaí ná an 29 Feabhra 2024 i ndáil le hearraí a thagann isteach i gcríoch chustaim an Aontais trí mhodhanna eile iompair.

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais, IO L 343, 29.12.2015, lch. 1

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Féadfaidh na Ballstáit bealaí eile a úsáid le faisnéis a mhalartú agus a stóráil cé is moite de theicnící próiseála sonraí leictreonacha le haghaidh an fhógra tíolactha a cheanglaítear le hAirteagal 139 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, i gcás earraí a thugtar isteach sa chríoch chustaim d'aer go dtí an 31 Nollaig 2023 agus le haghaidh fhógra tíolactha na n-earraí a thugtar isteach sa chríoch chustaim trí mhodhanna eile iompair go dtí an 29 Feabhra 2024, ar choinníoll nach ndéantar difear le húsáid modhanna eile cé is moite de theicnící próiseála sonraí leictreonacha don mhalartú faisnéise idir an Ballstát agus Ballstáit eile nó don mhalartú agus stóráil faisnéise i mBallstáit eile chun críoch chur i bhfeidhm na reachtaíochta chustaim.

2. Chun an coinníoll dá bhforáiltear i mír 1 a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit na sonraí is gá don fhógra tíolactha a stóráil ina dtaifid agus cuirfidh siad in iúl iad laistigh den sprioc-am 200 lá dá dtagraítear in Airteagal 129(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 don chóras leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 182 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 (ICS2) más rud é gur taisceadh dearbhú iontrála achomair sa chóras leictreonach sin i ndáil leis na hearraí atá faoi réir an fhógra tíolactha.

Airteagal 2

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2023 go dtí tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2023 i ndáil le hearraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais d'aer, agus go dtí tráth nach déanaí ná an 29 Feabhra 2024 i ndáil le hearraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais trí mhodhanna eile iompair.

Airteagal 3

Is ar Ríocht na Beilge, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht na hEastóine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na Cipire, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice agus Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Paolo GENTILONI
Comhalta den Choimisiún